

<p>“Go gceadaíonn Dáil Éireann:</p> <p>Coinbhinsiún ar an mBunreacht a ghairm chun breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas agus chun cibé moltaí a dhéanamh is cuí leis agus chun tuairisciú do Thithe an Oireachtais:</p> <p>(i) téarma oifige na hUachtaránachta a laghdú go cúig bliana agus é a chur ar comhfhad leis na toghcháin áitiúla agus leis na toghcháin don Eoraip;</p> <p>(ii) an aois vótála a laghdú go 17 mbliana;</p> <p>(iii) an córas toghcháin don Dáil a athbhreithniú;</p> <p>(iv) an ceart a thabhairt do shaoránaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát chun vótáil i dtoghcháin Uachtaráin in ambasáidí de chuid na hÉireann, nó ar shlí eile;</p> <p>(v) foráil maidir le pósadh comhghnéis;</p> <p>(vi) leasú a dhéanamh ar an gclásal i dtaobh ról na mban sa teaghlach agus rannpháirteachas níos mó ag mná sa saol poiblí a spreagadh;</p> <p>(vii) rannpháirteachas na mban sa pholaitíocht a mhéadú;</p> <p>(viii) an cion arb é díamhaslú é a bhaint as an mBunreacht; agus</p> <p>(ix) tar éis na tuarascálacha thuas a chríochnú, cibé leasuithe iomchuí eile ar an mBunreacht a bheidh molta aige; agus</p> <p>go dtugann sí dá haire:</p> <p>— gur 100 duine mar a leanas a bheidh i gcomhaltas an Choinbhinsiúin:</p> <p>— Cathaoirleach a bheidh le ceapadh ag an Rialtas;</p>	<p>That Dáil Éireann:</p> <p>approves the calling of a Convention on the Constitution to consider the following matters and to make such recommendations as it sees fit and report to the Houses of the Oireachtas:</p> <p>(i) reducing the Presidential term of office to five years and aligning it with the local and European elections;</p> <p>(ii) reducing the voting age to 17;</p> <p>(iii) review of the Dáil electoral system;</p> <p>(iv) giving citizens resident outside the State the right to vote in Presidential elections at Irish embassies, or otherwise;</p> <p>(v) provision for same-sex marriage;</p> <p>(vi) amending the clause on the role of women in the home and encouraging greater participation of women in public life;</p> <p>(vii) increasing the participation of women in politics;</p> <p>(viii) removal of the offence of blasphemy from the Constitution; and</p> <p>(ix) following completion of the above reports, such other relevant constitutional amendments that may be recommended by it; and</p> <p>notes that:</p> <p>— membership of the Convention will consist of 100 persons as follows:</p> <p>— a Chairperson to be appointed by the Government;</p>
---	--

— 66 shaoránach atá i dteideal vótáil i reifreann, arna roghnú go hamasach sa chaoi go mbeidh siad ionadaitheach do shochaí na hÉireann i gcoitinne;

— comhalta de Thionól Thuaisceart Éireann as gach páirtí de na páirtithe polaitíochta sa Tionól a ghlacfaidh le cuireadh ón Rialtas; agus

— comhaltaí de thithe an Oireachtais, chun ionadaíocht neamhchlaonta a dhéanamh ar na Tithe;

— féadfar ionadaithe a cheapadh faoi réir na gcritéar roghnóireachta thuas, agus beidh na hionadaithe sin in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí agus vótáil faoina n-ainm féin;

— comhaontóidh an Coinbhinsiún a rialacha nóis imeachta féin d'fhonn a ghnó a sheoladh go héifeachtach ar shlí a bheidh chomh heacnamúil agus is féidir;

— beidh aird chuí ag an gCoinbhinsiún ar Chomhaontú Aoine an Chéasta agus ar Chomhaontú Chill Rímhinn;

— tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dháta na chéad éisteachta poiblí a thionólfaidh an Coinbhinsiún tabharfaidh an Coinbhinsiún tuarascáil do Thithe an Oireachtais agus déanfaidh sé moltaí dóibh ar gach ceann de na nithe atá leagtha amach ag (i) agus (ii) thuas;

— tuairisceoidh an Coinbhinsiún do Thithe an Oireachtais agus déanfaidh sé moltaí dóibh ar gach ní eile a luaithe a bheidh a phléití críochnaithe aige agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná bliain amháin ó dháta na chéad éisteachta poiblí;

— 66 citizens entitled to vote at a referendum, randomly selected so as to be broadly representative of Irish society;

— a member of the Northern Ireland Assembly from each of the political parties in the Assembly which accepts an invitation from the Government; and

— members of the Houses of the Oireachtas, so as to be impartially representative of the Houses;

— substitutes may be appointed subject to the selection criteria above, who will be entitled to contribute to the proceedings and vote in their own name;

— the Convention will agree its own rules of procedure for the effective conduct of its business in as economical manner as possible;

— the Convention will have appropriate regard to the Good Friday Agreement and the St. Andrews Agreement;

— not later than two months from the date of the first public hearing held by the Convention, the Convention will make a report and recommendation to the Houses of the Oireachtas on each of the matters set out at (i) and (ii) above;

— the Convention will report and make recommendations to the Houses of the Oireachtas on each remaining matter as soon as it has completed its deliberations, but in any event not later than one year from the date of the first public hearing;

— féadfaidh an Coinbhinsiún aighneachtaí a iarraidh agus glacadh leo ó chomhlachtaí leasmhara agus lorgóidh sé cibé comhairle shaineolaíoch is dóigh leis is inmhianaithe;

— déanfar gach ní a bheidh os comhair an Choinbhinsiúin a chinneadh trí thromlach de vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, seachas an Cathaoirleach a mbeidh vóta cinniúna aige nó aici i gcás comhionannas vótaí; agus

— tabharfaidh an Rialtas freagra san Oireachtas laistigh de cheithre mhí ar gach moladh a dhéanfaidh an Coinbhinsiún agus, má tá sé chun glacadh leis an moladh, cuirfidh sé an creat ama in iúl ar lena linn atá sé ag brath aon reifreann gaolmhar a sheoladh.

— the Convention may invite and accept submissions from interested bodies and will seek such expert advice as it considers desirable;

— all matters before the Convention will be determined by a majority of the votes of members present and voting, other than the Chairperson who will have a casting vote in the case of an equality of votes; and

— the Government will provide in the Oireachtas a response to each recommendation of the Convention within four months and, if accepting the recommendation, will indicate the timeframe it envisages for the holding of any related referendum.”